Fothoghchán na Dála 8 Iúil 2021
Cuan Bhaile Átha Cliath Theas

Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí chuig an gCeann Comhairle de bhun an Achta Toghcháin, 1997, arna leasú

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773
Teil: (01) 6395666:
Ríomhphost: info@sipo.ie
Láithreán gréasáin: www.sipo.ie
Twitter:@SIPOCIreland

Feabhra 2022

Clár na n-ábhar

Brollach 2
Caibidil 1: Réamhrá 3
Caibidil 2: Fothoghchán na Dála 2021 4
Caibidil 3: Nochtadh síntiús ó iarrhtóirí nár éirigh leo 6
Caibidil 4: Caiteachas toghcháin ó iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta 8
Caibidil 5: Aisíocaíocht chaiteachais thoghcháin na n-iarrthóirí 11
Caibidil 6: Foilseachán na ráiteas síntiús agus na ráiteas caiteachas toghcháin 13

Réamhrá

Tá áthas orm an tuarascáil seo a thabhairt do Chathaoirleach Dháil Éireann (An Ceann Comhairle) i gcomhréir le forálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Tugadh na ráitis síntiús/dearbhuithe reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) de bhun alt 24 den Acht, agus tugadh deimhnithe na síntiús airgid/na ndearbhuithe reachtúla agus na ráitis ó institiúidí airgeadais de bhun alt 23B den Acht. Soláthraíodh na ráitis caiteachas toghcháin de bhun alt 36 den Acht.

Tá faisnéis mhionsonraithe ar cheanglais na reachtaíochta, a bhaineann leis seo a leanas:

- síntiúis pholaitíochta a nochtadh,
- na teorainneacha ar luachanna na síntiús a bhféadfar glacadh leo,
- síntiúis atá toirmiscthe,
- teorainneacha ar chaiteachas toghcháin, agus
- aisíocaíocht caiteachas toghcháin d'iarrthóirí cáilithe

sna Treoirlíne d'Fho-thoghchán na Dála 2021 atá ar fáil anseo www.sipo.ie.



_____

Garret Sheehan
Cathaoirleach An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Caibidil 1: Réamhrá

Foráiltear le halt 4(1) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún, i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh, tuarascáil a thabhairt don Cheann Comhairle maidir le haon ní a thiocfadh chun cinn i ndáil le ráitis síntiús agus ráitis ar chaiteachais thoghcháin arna dtabhairt dó faoin Acht. De réir alt 4(5) den Acht, ní mór an tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Ba é 8 Iúil 2021 lá na vótála d'fho-thoghchán Chuan Bhaile Átha Cliath Theas.

De réir fhorálacha Chuid IV den Acht, ceanglaíodh ar iarrthóirí nár éirigh leo san fhothoghchán ráiteas síntiús, deimhniú síntiús airgid, dearbhú reachtúil agus, más infheidhme, ráiteas ó chuntas bainc síntiús polaitiúil a thabhairt don Choimisiún laistigh de 56 lá tar éis lá na vótála. Ceangal a bhí ann sonraí maidir le síntiúis de luach níos mó ná €600 a fuair iarrthóirí nár éirigh leo san fho-thoghchán a nochtadh.

Ceanglaítear an iarrthóir tofa, mar chomhalta Dháil Éireann, ráiteas bliantúil síntiús agus doiciméadacht a ghabhann leis a thabhairt don Choimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain. Maidir leis an ráiteas síntiús a thabharfaidh comhaltaí Dháil Éireann i leith 2021 don Choimisiún, ní mór sonraí maidir le haon síntiús a fuair siad in 2021 i ndáil leis an toghchán a chur san áireamh ann. Ceangal a bhí ann na ráitis sin a thabhairt don Choimisiún faoin 31 Eanáir 2022. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar leith maidir leis na síntiúis a fuair Teachtaí Dála, Seanadóirí agus FPE a fhoilsiú go luath.

Foráiltear le Cuid V den Acht go bhfuil sé de cheangal ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóra i bhfo-thoghchán Dála, cibé acu a toghadh é nó í nó nár toghadh, ráiteas maidir le caiteachais toghcháin a thabhairt don Choimisiún laistigh de 56 lá tar éis lá na vótála (i.e. roimh an 2 Meán Fómhair 2021). Ní mór sonraí maidir le gach caiteachas a tabhaíodh agus íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaire toghcháin thar ceann an iarrthóra ag an toghchán a chur san áireamh sa ráiteas caiteachais toghcháin.

Teastaíonn ráiteas caiteachas toghcháin chomh maith ó ghníomhaire náisiúnta gach páirtí polaitíochta a bhfuil iarrthóirí acu atá in iomaíocht sa toghchán.

Caibidil 2: Fothoghchán na Dála 2021

Tharla an fothoghchán chun suíochán a líonadh i gCuan Bhaile Átha Cliath Theas ar an 8 Iúil 2021.

Go luath i ndiaidh lá na vótála fhógairt, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte fothoghcháin do na hiarrthóirí, na gníomhairí toghcháin agus na gníomhairí náisiúnta. Ba é cuspóir na dtreoirlínte iarrthóirí ionchasacha a chur ar an eolas faoi na hoibleagáidí a ghlacfaidís dá roghnóidís dul san iomaíocht, agus cabhrú le hiarrthóirí a ndualgais faoin Acht a chomhlíonadh. Chlúdaigh na treoirlínte d'iarrthóirí agus do ghníomhairí glacadh agus nochtadh síntiús polaitiúil, síntiúis thoirmiscthe, cuntais síntiús polaitíochta, caiteachas toghcháin agus aisíocaíocht costas toghcháin d'iarrthóirí cáilithe. Cumhdaíodh i dtreoirlínte ar leithligh rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le gníomhairí náisiúnta de chuid páirtithe polaitiúla, tríú páirtithe agus daoine eile atá ag iarraidh dul i mbun feachtais, chomh maith le foilsitheoirí ábhair fógraíochta.

Rialacha maidir le síntiúis

Cuntas síntiús polaitiúil	Ar **shíntiús €100** a fháil, ní mór d'iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta a oscailt (mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin).
Síntiúis Airgid thirim	Is é **€200** an síntiús uasta airgid thirim a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire.
Corparáideach deontóirí	Is é **€200** an síntiús uasta a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar Chlár na Síntiúsóirí Corparáideacha arna chothabháil ag an gCoimisiún agus go bhfuil ráiteas faofa a rinne an síntiúsóir corparáideach ag gabháil leis an síntiús. Ní mór do pháirtí polaitíochta ar mian leis síntiús os cionn €200 a thabhairt chun críocha polaitiúla i mbliain féilire clárú mar shíntiúsóir corparáideach leis an gCoimisiún sula ndéanfaidh sé síntiús den sórt sin
Síntiúsóirí aonair	• Is é **€1,000** an síntiús uasta a bhféadfadh iarrthóir glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach aonair nó cláraithe i mbliain ar leith. • Ní mór gach síntiús os cionn **€600** a fhaigheann iarrthóir a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús.

Ilsíntiúis	I gcás ina dtugann síntiúsóir síntiús do bheirt fhaighteoirí nó níos mó (d'iliomad comhaltaí den pháirtí céanna nó do chomhalta páirtí amháin nó níos mó agus don pháirtí féin), ar mó a luach comhiomlán ná **€1,500**, beidh ceangal air/uirthi foirm síntiúis a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24(1)(a).
Síntiúis thoirmiscthe	• Tá cosc ar shíntiúis anaithnide os cionn **€100**. • Ní ceadmhach síntiúis ón gcoigríoch, de luach ar bith, a ghlacadh ó lasmuigh d'oileán na hÉireann, seachas ó shaoránach Éireannach nó ó ghnólacht taobh amuigh d'oileán na hÉireann mura rud é go gcoimeádann sé oifig ar oileán na hÉireann óna ndéantar ar a laghad ceann amháin dá phríomhghníomhaíochtaí a stiúradh.

Dátaí a bhaineann le hábhar agus na teoireannacha caiteachais

16 Meitheamh go 8 Iúil 2021 (san áireamh)	An Tréimhse Toghcháin
€37,650	Teorainn Caiteachais do Dháilcheantar ina bhfuil 4 shuíochán
22 Lúnasa 2021	Ní mór éilimh ar íocaíocht le haghaidh caiteachais toghcháin ó sholáthróirí a bheith faighte ag an ngníomhaire toghcháin faoin dáta seo
2 Meán Fómhair 2021	An dáta faoina gcaithfear gach Ráiteas Toghcháin a thabhairt don Choimisiún (baineann sé seo le hiarrthóirí a n-éireoidh leo agus iarrthóirí nach n-éireoidh leo).
2 Meán Fómhair 2021	An dáta faoina gcaithfidh iarrthóirí nach n-éireoidh leo sa toghchán a ráitis síntiús, a ndeimhniú síntiús airgid agus a ráitis bhainc a thabhairt don Choimisiún.
31 Eanáir 2022	An dáta faoina gcaithfidh iarrthóirí a n-éireoidh leo sa toghchán a dtuairisceáin bhliantúla, lena n-áirítear ráitis síntiús, deimhniu síntiúis airgid agus ráitis bhainc a thabhairt don Choimisiún.
€8,700	An méid uasta aisíocaíochta a fhéadfaidh iarrthóir cáilithe a éileamh i leith caiteachais toghcháin.

Caibidil 3: Nochtadh síntiús ó iarrthóirí nár éirigh leo

3.1 Ráitis síntiús agus deimhnithe síntiús airgid a gheofar ó iarrthóirí nach n-éireoidh leo

Ní mór d'iarrthóirí nach n-éireoidh leo ráiteas síntiús a thabhairt don Choimisiún laistigh de 56 lá tar éis lá na vótála, i.e. 2 Meán Fómhair 2021. Ní mór sonraí a bheith sa ráiteas síntiús ar gach síntiús a fuarthas i leith an toghcháin a bhfuil luach níos mó ná €600 aige.

Ní mór deimhniú síntiús airgid a sholáthar don Choimisiún laistigh den tréimhse ama céanna freisin, lena ndeimhnítear gur taisceadh gach síntiús airgeadaíochta a fuarthas i gcuntas síntiús polaitíochta an iarrthóra agus gur úsáideadh na méideanna go léir a baineadh ón gcuntas chun críocha polaitiúla.

Ní mór don iarrthóir an deimhniú síntiús airgid agus an ráiteas síntiús a shíniú agus dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas ó institiúid airgeadais a bheith ag gabháil leis.

3.2 Síntiúis a nochtadh

De réir alt 4(1) den Acht, chuir an Coimisiún san áireamh na ráitis síntiús arna gcur ar fáil ag gach iarrthóir nár éirigh leis nó léi sa toghchán.

Cé gur ceadmhach d'iarrthóirí síntiúis de mhéideanna níos lú a fháil freisin, ní nochtfar ach iad siúd atá os cionn na tairsí dearbhaithe reachtúla don Choimisiún. Dá bhrí sin, ní léiríonn na méideanna atá leagtha amach sa tuarascáil seo ach síntiúis a fuarthas a bhí os cionn thairseach an dearbhaithe, agus ní áirítear na síntiúis go léir a fuarthas.

Suim €5,200 a bhí sna síntiúis is gá a fhógairt a nocht na hiarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán mar a ndéantar achoimre air sa tábla seo a leanas.

Tábla 1: Síntiúis is gá a fhógairt arna nochtadh ag na hiarrthóirí nár éirigh leo

Foráiltear le hailt 23A(1)(i) agus (ii) den Acht, i gcás ina bhfaightear síntiús os cionn na teorann ceadaithe, ní mór ansin go dtabharfar an síntiús ar ais don síntiúsóir nó, más síntiús airgid atá ann, ní mór an chuid sin a théann thar an teorainn a thabhairt ar ais don síntiúsóir laistigh de 14 lá tar éis é a fháil. Ní mór taifead i scríbhinn den a síntiús a tugadh ar ais a choinneáil d'fhonn é a chur ar fáil don Choimisiún, más gá; nó ní mór d'faighteoir an tsíntiúis fógra a thabhairt don Choimisiún go bhfuarthas an síntiús laistigh de 14 lá agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún. I gcás síntiús airgid, ní mór an chuid sin a théann thar an teorainn a thabhairt ar ais nó a chur ar aghaidh.

Fuair iarrthóir amháin nár éirigh leis nó léi sa toghchán síntiús a sháraigh an teorainn. Cuireadh an t-iarrthóir ar an eolas faoi sin agus tugadh comhairle dó nó di an méid breise a thabhairt ar ais nó a chur ar aghaidh.

Tábla 1:

Iarrthóir	**Páirtí**	**Líon na síntiús**	**Luach na síntiús**	**Síntiúis arna gcur ar ais chuig deontóirí** **€**
Byrne, Claire	An Comhaontas Glas	1	1,000	—
Durcan, Sarah	Na Daonlathaigh Sóisialta	1	1,000	—
Purcell, Brigid	Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús	2	2,200	500
Toibín, Mairead	Aontú	1	1,000	—
Iomlán			5,200	500

Caibidil 4: Caiteachas toghcháin na n-iarrthóirí agus na bpáirtithe polaitíochta

4.1 Sainmhíniú ar chaiteachais toghcháin

Foráiltear le halt 31(1) den Acht gurb iad na caiteachais toghcháin na caiteachais toghcháin atá leagtha amach i mír 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht agus iad siúd amháin, a thabhaítear ar mhaoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar lena n-úsáid sa toghchán le linn na tréimhse toghcháin (16 Meitheamh – 8 Iúil 2021) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Leasanna de chuid páirtí polaitíochta nó toghadh iarrthóra, nó grúpa polaitíochta arna chur ar bun i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta de chuid Pharlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó a chur ina gcoinne; nó
- polasaithe de chuid páirtí polaitíochta nó tráchtanna de chuid páirtí polaitíochta maidir le polasaithe de chuid páirtí polaitíochta eile nó iarrthóir eile sa toghchán a chur i láthair; nó
- toghadh iarrthóra sa toghchán a chur chun cinn nó a chur ina choinne, nó vótaí ar son iarrthóra nó ina choinne i dtoghchán a iarradh; nó
- polasaithe de chuid iarrthóra nó tuairimí iarrthóra ar aon ní a bhaineann leis an toghchán, nó tráchtanna de chuid iarrthóra maidir le polasaithe páirtí polaitíochta eile nó iarrthóir eile sa toghchán a chur i láthair, nó
- ar shlí eile tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin.

Le linn na tréimhse toghcháin, meastar gur costas toghcháin é an soláthar maoine, earraí nó seirbhísí, saor in aisce nó faoi bhun an chostais, a úsáidtear sa toghchán, agus ní mór cuntas a thabhairt air ar a phraghas tráchtála iomlán, lúide aon ghnáth-lascaine nó lascaine ghinearálta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

4.2 Teorainn caiteachas

Ba é €37,650 an teorainn reachtúil ar chaiteachas don toghchán do dháilcheantar ina bhfuil ceithre shuíochán.

Áirítear CBL sa teorainn reachtúil caiteachais do gach iarrthóir. Is ionann an teorainn reachtúil agus an caiteachas uasta a cheadaítear d'iarrthóir agus áirítear léi gach caiteachas a chaitheann an gníomhaire toghcháin agus páirtí polaitíochta (an phríomhoifig agus an eagraíocht áitiúil araon) ar iarrthóir. Ní cheadaítear aon chaiteachas ar leithligh ná caiteachas breise ó pháirtí polaitíochta ar iarrthóir de bhreis ar an gcaiteachas a bheidh sannta don pháirtí ag an iarrthóir.

4.3 An Tréimhse toghcháin

Baineann an teorainn caiteachais ag an toghchán le gach costas a thabhaítear agus le híocaíochtaí a dhéantar chun maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar agus a úsáidtear chun críocha toghcháin le linn na "tréimhse toghcháin". Foráiltear le halt 31(3)(a)(ii) den Acht go

leanann an tréimhse toghcháin san fhothoghcháin ó dháta eisithe an eascaire go dtí lá na vótála, an dá dháta san áireamh. Ba é 16 Meitheamh 2021 go 8 Iúil 2021 tréimhse an toghcháin don toghchán.

4.4 An Ráiteas caiteachas toghcháin

Bhí ráitis maidir le caiteachas toghcháin agus foirmeacha dearbhaithe reachtúla ag teastáil ó ghníomhairí toghcháin de chuid gach iarrthóra a bhí san iomaíocht toghchán laistigh de 56 lá ó lá na vótála (i.e. faoin 2 Meán Fómhair 2021).

Bhí ráiteas maidir le caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil ag teastáil freisin faoin spriocdháta céanna ó ghníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta go léir a raibh iarrthóirí acu a bhí san iomaíocht sa toghchán.

4.5 An caiteachas sa toghchán a fógraíodh

Is féidir breathnú ar na sonraí a bhaineann le caiteachas arna fhógairt sna táblaí seo a leanas. D'fhéadfadh nach mbeadh na hiomláin ag teacht lena chéile mar gheall ar shlánú.

Tábla 2: An caiteachas iomlán sa toghchán a fógraíodh

Iarrthóir	Caiteachas Gníomhairí Toghcháin/Iarrthóra €	Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta ar iarrthóirí €	Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta go náisiúnta ("Caiteachas Náisiúnta") €	Caiteachas Iomlán €
Bacik, Ivana (Páiritíí an Lucht Oibre)	836	35,656	—	**36,493**
Barrett, Justin (An Páirtí Náisiúnta)	—	2,557	—	**2,557**
Boylan, Lynn (Sinn Féin)	—	36,370	—	**36,370**
Byrne, Claire (An Comhaontas Glas)	43	28,979	1,323	**30,345**
Cahill, Dolores (Neamhpháirtí)	1,971	—	—	**1,971**
Conroy, Deirdre (Fianna Fáil)	245	34,381	—	**34,626**
Dooley, Peter (Neamhpháirtí)	1,138	—	—	**1,138**
Durcan, Sarah (Na Daonlathaigh Sóisialta)	10,161	15,905	—	**26,066**
Flynn, Mannix (Neamhpháirtí)	10,396	—	—	**10,396**
Geoghegan, James (Fine Gael)	17,961	14,942	—	**32,903**
Gilbourne, Jacqui (Renua)	—	4,056	—	**4,056**
Keigher, John Dominic (Neamhpháirtí)	328	—	—	**328**
O'Keeffe, Colm (Neamhpháirtí)	589	—	—	**589**
Purcell, Brigid (Dlúthpháirtíocht – PRB)	8,033	1,287	—	**9,319**
Tóibín, Mairead (Aontú)	—	9,297	—	**9,297**
Iomlán	**51,700**	**183,430**	**1,323**	**236,453**

Tábla 3: Briseadh síos na gcaiteachas arna bhfógairt de réir iarrthóirí

Iarrthóir	Fógraíocht	Poiblíocht	Póstaeir	Ábhair Eile	Oifig agus Páipéarachas	Iompar agus Taisteal	Taighde Margaidh	Oibrithe Feachtais	Cistí Poiblí	Iomlán
Bacik, Ivana (Páiritíí an Lucht Oibre)	836	—	—	—	—	—	—	—	—	**836**
Barrett, Justin (An Páirtí Náisiúnta)	—	—	—	—	—	—	—	—	—	**—**
Boylan, Lynn (Sinn Féin)	—	—	—	—	—	—	—	—	—	**—**
Byrne, Claire (An Comhaontas Glas)	—	—	—	—	—	43	—	—	—	**43**
Cahill, Dolores (Neamhpháirtí)	—	—	749	1,222	—	—	—	—	—	**1,971**
Conroy, Deirdre (Fianna Fáil)	245	—	—	—	—	—	—	—	—	**245**
Dooley, Peter (Neamhpháirtí)	—	—	638	500	—	—	—	—	—	**1,138**
Durcan, Sarah (Na Daonlathaigh Sóisialta)	2,379	—	707	7,075	—	—	—	—	—	**10,161**
Flynn, Mannix (Neamhpháirtí)	—	—	6,150	4,173	73	—	—	—	—	**10,396**
Geoghegan, James (Fine Gael)	—	—	10,004	5,882	838	1,237	—	—	—	**17,961**
Gilbourne, Jacqui (Renua)	—	—	—	—	—	—	—	—	—	**—**
Keigher, John Dominic (Neamhpháirtí)	—	—	—	328	—	—	—	—	—	**328**
O'Keeffe, Colm (Neamhpháirtí)	—	—	—	589	—	—	—	—	—	**589**
Purcell, Brigid (Dlúthpháirtíocht – PRB)	—	230	3,664	3,955	60	124	—	—	—	**8,033**
Tóibín, Mairead (Aontú)	—	—	—	—	—	—	—	—	—	**—**
Iomlán	**3,461**	**230**	**21,913**	**23,722**	**971**	**1,404**	—	—	—	**51,700**

Tábla 4: Briseadh síos na gcaiteachas arna bhfógairt de réir páirtithe polaitiúla ar iarrthóirí

Páirtí Polaitiúil	Fógraíocht	Poiblíocht	Póstaeir	Ábhair Eile	Oifig agus Páipéarachas	Iompar agus Taisteal	Taighde Margaidh	Oibrithe Feachtais	Iomlán
Aontú	590	—	3,418	5,289	—	—	—	—	**9,297**
Fianna Fáil	5,427	1,215	16,476	11,013	—	250	—	—	**34,381**
Fine Gael	3,431	2,399	—	5,421	—	—	—	3,692	**14,942**
An Comhaontas Glas	11,457	1,050	9,002	7,220	—	—	250	—	**28,979**
Páiritĺ an Lucht Oibre	—	1,637	7,976	25,644	—	—	400	—	**35,656**
An Páirtí Náisiúnta	—	—	1,538	1,020	—	—	—	—	**2,557**
Renua	—	—	1,761	2,294	—	—	—	—	**4,056**
Sinn Féin	10,930	—	6,542	6,782	—	—	12,116	—	**36,370**
Na Daonlathaigh Sóisialta	8,597	—	4,334	2,975	—	—	—	—	**15,905**
Dlúthpháirtíocht – PRB	—	—	—	1,287	—	—	—	—	**1,287**
Iomlán	**40,431**	**6,300**	**51,046**	**68,946**	**—**	**250**	**12,765**	**3,692**	**183,430**

Tábla 5: Briseadh síos na gcaiteachas náisiúnta arna bhfógairt ag páirtithe polaitiúla ar iarrthóirí

Páirtí Polaitiúil	Fógraíocht	Poiblíocht	Póstaeir	Ábhair Eile	Oifig agus Páipéarachas	Iompar agus Taisteal	Taighde Margaidh	Oibrithe Feachtais	Iomlán
Aontú	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Fianna Fáil	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Fine Gael	—	—	—	—	—	—	—	—	—
An Comhaontas Glas	773	550	—	—	—	—	—	—	1,323
Páiritĺ an Lucht Oibre	—	—	—	—	—	—	—	—	—
An Páirtí Náisiúnta	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Renua	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Sinn Féin	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Na Daonlathaigh Sóisialta	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Dlúthpháirtíocht – PRB	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Iomlán	**773**	**550**	**—**	**—**	**—**	**—**	**—**	**—**	**1,323**

Caibidil 5: Aisíocaíocht chaiteachais toghcháin na n-iarrthóirí

D'fhonn cáiliú d'aisíocaíocht, ní mór don iarrthóir:

- a bheith tofa sa toghchán, nó
- sa chás nár éirigh leis nó léi, aon cheathrú den chuóta a shárú ag staid ar bith de chomhaireamh na vótaí.

Is é €8,700 an aisíocaíocht is mó is féidir a dhéanamh le hiarrthóirí cáilithe ag fothoghchán Dála. Dá bhrí sin, maidir le hiarrthóirí a bhí i dteideal aisíocaíochta, bhíodar ábalta an chuid is lú den mhéid sin nó méid iomlán na gcaiteachas toghcháin a tabhaíodh thar a gceann sa toghchán a fháil.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoi alt 21(d) den Acht a dheimhniú don Aire Airgeadais go bhfuil iarrthóir i dteideal aisíocaíochta dá chaiteachas toghcháin nó dá caiteachas toghcháin. Tá sé de nós ag an gCoimisiún gan foirm iarratais ar aisíocaíocht caiteachas toghcháin a eisiúint d'iarrthóir cáilithe go dtí go mbeidh gach ní a bhaineann le comhlánú a thuairisceáin reachtúla nó a tuairisceáin reachtúla tugtha chun críche.

Sa toghchán, bhí cúig iarrthóir i dteideal aisíocaíocht €8,700 an duine a fháil dá gcaiteachas toghcháin.

Tábla 6: Na haisíocaíochtaí a ceadaíodh

Na hiarrthóirí cáilithe	**Luach na n-aisíocaíochtaí** **€**
Bacik, Ivana	8,700
Boylan, Lynn	8,700
Byrne, Claire	8,700
Conroy, Deirdre	8,700
Geoghegan, James	8,700
Iomlán	**43,500**

Caibidil 6: Foilseachán na ráiteas síntiús agus na ráiteas caiteachas toghcháin

De réir alt 24(7)(a) den Acht, tá cóip leictreonach de gach ráiteas síntiús a fuair an Coimisiún ó iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán curtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

De réir alt 37(1) den Acht, tá cóip de gach ráiteas caiteachas toghcháin a cuireadh ar fáil don Choimisiún i ndáil leis an toghchán, agus ar deimhin leis an gCoimisiún gur comhlánaíodh i gceart í, leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tá na ráitis síntiús agus na ráitis caiteachas toghcháin ar fáil ar láithreán gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Ceanglaítear le halt 73 den Acht go gcuirfear ar fáil na ráitis sintiús agus na ráitis caiteachas toghcháin a fuair an Coimisiún, mar aon le sonraisc, admhálacha nó dearbháin iomchuí, ionas go mbeidh an pobal in ann iad a ghrinnscrúdú in oifigí an Choimisiúin. Mar gheall ar shrianta COVID-19, tá an rochtain i bpearsa ar na doiciméid teoranta faoi láthair. Is féidir iarratas ar chóipeanna do na doiciméid chúl taca a dhéanamh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó trí ghlaoch a chur ar (01) 639-5666.

Déanfar gnáth-rochtain i bpearsa a thabhairt ar ais a luaithe agus is féidir.